



**COMHAIRLE AN  
AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 3 Nollaig 2012 (04.12)  
(OR. en)**

**17165/12**

---

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2011/0130(COD)**

---

---

**JUSTCIV 348  
COPEN 265  
CODEC 2900**

**NÓTA**

|                            |                                                                                                                                                                                        |
|----------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:                         | An Uachtaránacht                                                                                                                                                                       |
| chuig:                     | An Chomhairle                                                                                                                                                                          |
| Uimhir an togra ón gCoim.: | 10613/11 JUSTCIV 143 CONSOM 123 CODEC 889                                                                                                                                              |
| Doic. roimhe seo:          | 16615/12 JUSTCIV 342 COPEN 258 CODEC 2766 ADD 1                                                                                                                                        |
| Ábhar:                     | Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus<br>ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta<br>in ábhair shibhialta<br>- Cur chuige ginearálta |

**I. RÉAMHRÁ**

1. Ina litir an 30 Bealtaine 2011, chuir an Coimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an aitheantas frithpháirteach de bhearta cosanta in ábhair shibhialta.
2. Tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe agus ag Éirinn dá bhforáiltear faoi Airteagal 3 den Phrótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus seasamh na hÉireann i ndáil le réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, ar Prótacal é atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus, dá bhrí sin, ní bheidh siad rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin sin.

3. I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótacal maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sé ina cheangal ar an Danmhairg ná níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm.
4. Tá an Rialachán atá á bheartú faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh. Rinneadh teagmháil neamhfhoirmiúil le Parlaimint na hEorpa ar mhaithe le faisnéis d'fhonn teacht ar chomhaontú ar an gcéad léamh.
5. Is cuid de phacáiste reachtach é an Rialachán atá beartaithe lena n-iarrtar cearta íospartach san Aontas Eorpach a threisiú. Agus traidisiúin dhlíthiúla dhifriúla na mBallstát sa réimse sin á gcur san áireamh, tá sé d'aidhm ag an Rialachán atá beartaithe, lena dtugtar aghaidh ar bhearta cosanta in ábhair shibhialta, Treoir 2011/99/AE maidir leis an Ordú Cosanta Eorpach a chomhlánú<sup>1</sup>, arb ordú é lena chumhdaítear bearta cosanta in ábhair choiriúla. Is gné eile den phacáiste sin Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeán maidir le cearta íospartach na coireachta, maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh agus maidir le hiad a chosaint<sup>2</sup>.
6. Ag cruinnithe tráthrialta a bhí aici ó rinneadh an togra ón gCoimisiún a tharchur, rinne an Mheitheal um Ábhair Dlí Shibhialta (Bearta Cosanta) scrúdú ar an Rialachán atá beartaithe.
7. An 27 Aibreán 2012, ghlac an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) treoirlínte maidir le cur chuige cuimsitheach agus sásra simplithe mear agus éifeachtúil le go dtabharfaí aitheantas do bhearta cosanta in ábhair shibhialta. A bhuíochas ar na treoirlínte sin, féadfar tuilleadh oibre a dhéanamh i ndáil leis an Rialachán atá beartaithe.

---

<sup>1</sup> IO L 338, 21.12.11, lch. 2.

<sup>2</sup> IO L 315, 14.11.12, lch. 57.

8. De bharr idirphlé a tionóladh sa dara seimeastar de 2012 tá dul chun cinn suntasach déanta maidir leis an téacs. Cé gur cosúil go bhfuiltear ag teacht ar chomhaontú ginearálta maidir le forálacha an téacs agus na haithrisí a bheidh sa Rialachán, beidh na haithrisí agus na hIarscríbhinní deireanacha faoi réir tuilleadh idirphlé.
9. I bhfianaise an dul chun cinn sin, an 30 Samhain 2012 chuir an Uachtaránacht dréacht-chur chuige ginearálta faoi bhráid Coreper, lena bhformheasadh an pacáiste comhréitigh a dtíolacfar don Chomhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile an 6 agus an 7 Nollaig 2012<sup>3</sup>.
10. Iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) an pacáiste comhréitigh maidir leis an dréacht-chur chuige ginearálta atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a fhormheasadh; agus
  - (b) a iarraidh go ndéanfar an obair i ndáil leis an Rialachán a bheidh ann amach anseo a thabhairt chun críche ar an leibhéal teicniúil.

---

<sup>3</sup> Tuigtear go bhféadfaí mionleasuithe teicniúla agus athruithe téarmaíochta ar théacs na nAirteagal a dhéanamh fós i leaganacha teanga áirithe agus go gcaithfidh na saineolaithe dlí/teanga iad a athbhreithniú ag céim níos déanaí.

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN (AE) u.../2012 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair sibhialta**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(2)(a),  
(e) agus (f) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,  
(...)<sup>4</sup>

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach<sup>5</sup>.

(1) De bharr an méid seo a leanas:

(...)<sup>6</sup>

---

<sup>4</sup> Déanfar tagairtí sna haithrisí do chomhlachtaí nach liostaítear sa bhunús dlí.

<sup>5</sup> Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an ...

<sup>6</sup> **Cuirfear bailchríoch ar na haithrisí níos déanaí, seachas na cinn a léirítear sna fonótaí a ghabhann leis na hAirteagail sa téacs seo. Déanfar scrúdú níos déanaí chomh maith ar na hlarscríbhinní ina mbeidh na deimhnithe.**

# CAIBIDIL I

## Ábhar, raon feidhme agus sainmhínte (...)

### *Airteagal 0*

#### *Ábhar*

Is é an sprioc atá leis an Rialachán seo rialacha a bhunú i gcomhair sásra simplí, mear chun bearta cosanta a ordáítear i mBallstát in ábhair shibhialta a aithint.

### *Airteagal 1*

#### *Raon feidhme*

1. **Beidh feidhm** ag an Rialachán seo maidir le bearta cosanta (...) in ábhair shibhialta a ordóidh údarás mar a shainítear é i bpointe 4 d'Airteagal 2<sup>7</sup>.

---

<sup>7</sup> Cuirfear na haithrisí seo a leanas isteach:

*"Tá raon feidhme an Rialacháin seo faoi chomhar breithiúnach in ábhair shibhialta de réir bhrí Airteagal 81 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.*

*Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le bearta cosanta a ordáítear in ábhair shibhialta, agus ní chumhdaítear leis mar sin bearta cosanta a ghlactar i mbearta coiriúla ar cheart go gcumhdófaí iad le Treoir 2011/99/AE maidir leis an Ordú Cosanta Eorpach.*

*Ba cheart an coincheap d'ábhair shibhialta a léirmhíniú go huathrialach, i gcomhréir le prionsabail dhlí an Aontais. Níor cheart go mbeadh cineál sibhialta, riaracháin nó coiriúil an údaráis a ghlacann beart cosanta cinntitheach d'fhonn measúnú a dhéanamh ar thréith shibhialta birt chosanta.*

*Leis an Rialachán seo cuirtear traidisiúin dhlíthiúla éagsúla na mBallstát san áireamh, agus ní chuirtear isteach ar an gcóras náisiúnta is infheidhme maidir le bearta cosanta a ordú. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit leis an Rialachán seo mionathrú a dhéanamh ar a ndlíthe náisiúnta lena gcuirfear ar a gcumas bearta cosanta in ábhair shibhialta a ordú.*

*Bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, ba cheart bearta cosanta a ordáítear in ábhair shibhialta i mBallstát amháin a aithint i mBallstát eile mar bhearta sibhialta i gcomhréir leis an Rialachán seo.*

*Ní phléann an Rialachán seo ach amháin leis an oibleagáid a chuirtear i bhfeidhm le beart cosanta a aithint. Ní rialaítear leis na nósanna imeachta chun an beart a chur chun feidhme nó a fhorghníomhú. Leis an Rialachán seo ní chumhdaítear ach an oiread smachtbhannaí ar bith a d'fhéadfaí a fhorchur má sháraítear an oibleagáid a ordáítear leis an mbeart cosanta sa Bhallstát a ndíreofar air. Faoi dhlí an Bhallstáit sin a fhágfar an forghníomhú féin agus smachtbhannaí ar bith a d'fhéadfadh bheith ann. Mar sin féin, i gcomhréir le prionsabail ghinearálta dhlí an AE agus go háirithe le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, ní mór do na Ballstáit a áirithiú gur féidir leis na bearta cosanta a aithnítear de bhun an Rialacháin seo teacht i bhfeidhm sa Bhallstát a ndírítear air.*

2. **Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le cásanna trasteorann. Chun críocha an Rialacháin seo, is éard atá i gcás trasteorann, cás ina bhfuil aitheantas an bhirt chosanta i mBallstát seachas an Ballstát tionscnaimh á lorg.**
3. **Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le bearta cosanta a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003<sup>8</sup>.**

---

<sup>8</sup> **Cuirfear an aithris seo a leanas isteach:**

***"Níor cheart go gcuirfí isteach ar fheidhmiú Rialachán (CE) 2201/2003 (Rialachán na Bruiséile IIa) leis an Rialachán seo. Ba cheart go leanfaí de chinntí a ghlactar faoi Rialachán na Bruiséile IIa a aithint agus a fhorghníomhú faoin Rialachán sin."***

## *Airteagal 2*

### *Sainmhínithe*

Chun críche an Rialacháin seo, **beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:**

- (1) ciallaíonn 'beart cosanta' aon chinneadh, beag beann ar an ainm a bheidh air, (...) **a ordaíonn** údarás eisiúna **an** Bhallstáit **tionscnaimh** i gcomhréir lena dhlí náisiúnta **agus** **lena bhforchuirtear ceann amháin nó níos mó ná sin de na hoibleagáidí (...) seo** **a leanas ar an duine atá freagrach as baol a chruthú**, d'fhonn duine eile a chosaint i gcás ina (...) bhféadfadh iomláine choirp (...) nó shíceolaíoch an **dara** duine sin, a bheith i mbaoil (...) <sup>9</sup>:

(...)

---

<sup>9</sup> Cuirfear an aithris a leanas isteach chun samplaí a thabhairt.

*"Ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo maidir le bearta cosanta a ordaítear chun duine a chosaint nuair atá forais thromchúiseacha anna mheas go bhfuil saol an duine sin, a iomláine choirp nó shíceolaíoch, a shaoirse phearsanta, a shlándáil nó a iomláine ghnéis i mbaoil, mar shampla chun aon chineál foréigin inscne agus foréigin i ndlúthchaidreamh a chosc, amhail foréigean fisiceach, ciapadh, ionsaí gnéis, stalcaireacht, imeaglú nó aon chineál eile comhéigin neamhdhírigh. Tá sé tábhachtach é a aibhsiú go bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir le gach íospartach agus ní amháin d'íospartaigh an fhoréigin inscne."*

- (a) **toirmeasc nó rialú maidir le dul isteach san áit** ina bhfuil cónaí ar an duine faoi chosaint, ina n-oibríonn sé (...), ar a dtugann sé cuairt uirthi **nó ina bhfanann sé go rialta; (...)**<sup>10</sup>
- (b) **toirmeasc nó rialú** maidir le dul i dteagmháil, de shórt ar bith, leis an duine faoi chosaint, lena n-áirítear tríd an bhfón, trí ríomhphost nó trí ghnáthphost, trí fhacs nó trí mhodh ar bith eile; (...)
- (c) **toirmeasc nó rialú maidir le dul i bhfoisceacht** an duine faoi chosaint laistigh d'achar forordaithe; (...)

(...)

- (2) **ciallaíonn 'duine faoi chosaint'** duine nádúrtha is ábhar don chosaint a thugtar le beart cosanta;
- (3) **ciallaíonn 'duine is cúis le baol'** duine nádúrtha ar forchuireadh ceann amháin nó níos mó de na hoibleagáidí air dá dtagraítear i bpointe 1;

---

<sup>10</sup> Tabharfar na soiléirithe a leanas sna haithrisí:

*"Leis na bearta cosanta a chumhdaítear leis an Rialachán seo ba cheart cosaint a thabhairt do dhuine ag a (h)áit chónaithe, ag a (h)áit oibre nó áit eile a thaithíonn sé/sí ar bhonn rialta, amhail áit chónaithe garghaolta nó an scoil nó ionad oideachais ar a bhfreastalaíonn a leanbh.*

*Beag beann ar thuairisc ar an áit sin nó raon an limistéir a cumhdaítear leis an mbeart cosanta a bheith tugtha sa bheart cosanta trí sheoladh sainiúil amháin nó níos mó nó imlíne áirithe nach bhféadfaidh an duine is cúis leis an mbaol dul isteach ann (nó comhcheangal den dá chritéar sin), baineann an t-aitheantas ar an oibleagáid nó an rialachán arna bhforchur ag an mbeart cosanta leis an sprioc a bhfuil ag an áit sin don duine faoi chosaint seachas leis an seoladh iarbhrí.*

*I bhfianaise an méid a tháinig roimhe seo agus ar an gcoinníoll go gcaomhnaítear cineál agus bunghnéithe an bhirt chosanta, ba cheart go gcuirfí ar chumas an údaráis inniúil sa Bhallstát a ndíreofar air na gnéithe fíorasacha den bheart cosanta a choigeartú, amhail an seoladh, nó méid beacht na himlíne a bhfuil cosc ar an duine is cúis leis an mbaol dul isteach inti, i gcás ina mbeidh gá leis an gchoigeartú sin chun go mbeidh an t-aitheantas ar an mbeart cosanta éifeachtach i dtéarmaí praiticiúla. Mar sin féin, d'fhéadfadh nach mbeadh tionchar ag an gchoigeartú sin ar shaghas agus ar chineál sibhialta an bhirt chosanta.*

*D'fhonn coigeartú ar bheart cosanta a éascú, i gcás inar gá, ba cheart a léiriú sa deimhniúchán an í áit chónaithe, áit oibre nó áit a thaithíonn an duine faoi chosaint ar bhonn rialta an seoladh a sonraítear sa bheart cosanta. Thairis sin, ba cheart an imlíne, más ábhartha, (an neasgha ón seoladh sainiúil) a bhfuil feidhm aici maidir leis an toirmeasc a fhorchuirtear leis an mbeart cosanta ar an duine is cúis leis an mbaol a léiriú chomh maith sa deimhniúchán."*

- (4) <sup>11</sup> **ciallaíonn 'údarás eisiúna' aon údarás breithiúnach nó aon údarás eile a ainmneoidh Ballstát mar údarás a bhfuil inniúlacht aige in ábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ar choinníoll go dtugann an t-údarás eile sin ráthaíochtaí do na páirtithe i dtaca le neamhchlaontacht agus ar choinníoll go bhféadfar na cinntí a ghlacfaidh an t-údarás eile sin i ndáil leis an mbeart cosanta, faoi dhlí an Bhallstáit ina bhfeidhmíonn siad,**
- (a) **a chur faoi athbhreithniú údaráis bhreithiúnaigh, agus**
- (b) **go mbeidh éifeacht agus fórsa comhchosúil acu faoi mar a bheadh ag breith ó údarás breithiúnach i ndáil leis an ábhar céanna;**
- (5) ciallaíonn 'Ballstát tionscnaimh' an Ballstát inar **ordaíodh** an beart cosanta;
- (6) ciallaíonn 'Ballstát a ndíreofar air' an Ballstát ina bhfuil aitheantas agus, **más infheidhme**, forghníomhú an bhirt chosanta á lorg.

*Airteagal 3*

(...)

---

<sup>11</sup> Cuirfear an aithris seo a leanas isteach chun soiléiriú níos fearr a thabhairt:

*"D'fhoill na cineálacha éagsúla údarás a eisiúnn bearta cosanta in ábhair shibhialta sna Ballstáit a chur san áireamh agus d'fhoill a chur san áireamh go bhfuil siad difriúil ó réimsí eile comhair bhreithiúnaigh, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le cinntí na gcúirteanna agus na n-údarás riaracháin araon, ar choinníoll go dtugann na húdaráis riaracháin ráthaíochtaí i dtaca lena neamhchlaontacht, go háirithe, agus i dtaca le ceart na bpáirtithe chun athbhreithnithe bhreithiúnaigh. Níor cheart i gcás ar bith, go bhféachfaí ar phóilíní mar údaráis eisiúna de réir bhrí an Rialacháin seo."*

## CAIBIDIL II

### Bearta cosanta a aithint agus a fhorghníomhú

#### *Airteagal 4*

#### *Aitheantas agus forghníomhú*

1. Beart cosanta a **ordaítear** i mBallstát, déanfar é a aithint sna Ballstáit eile gan aon nós imeachta speisialta a bheith ag teastáil **agus (...) beidh sé in-fhorghníomhaithe gan aon dearbhú in-fhorghníomhaitheachta a bheith ag teastáil.**
- 1aa. Duine faoi chosaint ar mian leis beart cosanta a agairt i mBallstát, ar **beart** cosanta é a **ordaíodh i mBallstát eile (...)**, cuirfidh sé na nithe seo a leanas ar fáil **d'údarás** inniúil an Bhallstáit a **ndíreofar air(...)**:
  - (a) cóip den bheart cosanta a chomhlíonfaidh na coinníollacha is gá chun a barántúlacht a shuíomh;
  - (b) an deimhniúchán a eisítear sa Bhallstát tionscnaimh de bhun Airteagal 5; agus
  - (c) i gcás inar gá, traslitriú den deimhniúchán agus/nó aistriúchán air i dteanga oifigiúil an Bhallstáit a ndíreofar air nó i dteanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh a léirigh an Ballstát sin go bhféadfaidh sé glacadh léi.
- 1a. Ní bheidh éifeacht ag an deimhniúchán ach laistigh de theorainneacha in-fhorghníomhaitheachta an **bhirt chosanta**.

- 1b. **Beag beann ar bhailíocht an bhirt chosanta a bheith níos faide, beidh éifeachtaí an aitheantais sin teoranta de bhun mhír 1 go tréimhse 6 mhí, a thosóidh ó dháta eisiúna an deimhniúcháin** <sup>12 13</sup>.
2. Déanfar an nós imeachta i ndáil le forghníomhú beart cosanta (...) a rialú le dlí an Bhallstáit a ndíreofar air (...).

*Airteagal 5*  
*Deimhniúchán*

1. (*aistrithe chuig Airteagal 4(1aa)*)
2. Eiseoidh údarás eisiúna an Bhallstáit tionscnaimh an deimhniúcháin **arna iarraidh sin don duine faoi chosaint**, agus úsáid á baint as an bhfoirm chaighdeánach **ilteangach a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 18 (...)** agus ina bhfuil an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal.
3. (...)
- 3c. Ní fhéadfar aon achomharc a dhéanamh i gcoinne deimhniúcháin a eisiúint.

<sup>12</sup> Aibhseofar in aithris go bhfuil an teorannú sin ar éifeachtaí an aitheantais eisceachtúil mar thoradh ar chineál speisialta ábhar an Rialacháin seo agus níor cheart go mbeadh sí ina fasach le haghaidh ionstraimí eile i gcúrsaí sibhialta agus tráchtála.

<sup>13</sup> Cuirfear na nithe seo a leanas isteach sna haithrisí:

*"I gcomhréir le prionsabail an aitheantais fhrithpháirtigh, ba cheart go mbeadh fad an bhirt chosanta agus an t-aitheantas ag freagairt dá chéile.*

*Mar sin féin, i bhfianaise éagsúlacht na staide dlí sa Bhallstát maidir le fad na mbeart cosanta agus é á chur san áireamh go mba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo go tipiciúil maidir le cásanna práinneacha, ba cheart go mbeadh éifeachtaí an aitheantais teoranta go heisceachtúil go tréimhse 6 mhí ón am a eisítear an deimhniúchán, beag beann ar chás ina bhféadfadh tréimhse an bhirt chosanta féin bheith níos faide (bíodh beart sealadach, teoranta ó thaobh ama de nó éiginnte i gceist).*

*I gcásanna ina mbeidh bailíocht an bhirt chosanta níos faide ná an 6 mhí a leagtar síos sa Rialachán seo le haghaidh éifeachtaí an aitheantais, ba cheart go mbeadh an teorannú ama sin gan dochar do cheart an duine faoi chosaint an beart a agairt faoi aon ionstraim eile an AE atá ar fáil lena bhforáiltear d'aitheantas nó beart cosanta náisiúnta a iarraidh sa Bhallstát a ndíreofar air."*

4. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit **tionscnaimh**, arna iarraidh sin don duine faoi chosaint, an traslitriú agus/nó an t-aistriúchán den (...) deimhniúchán ar fáil don duine faoi chosaint trí leas a bhaint as an bhfoirm chaighdeánach ilteangach<sup>14</sup>.

*Airteagal 5a<sup>15</sup>*

*Ceanglais chun deimhniúchán a eisiúint*

1. Ní fhéadfar deimhniúchán a eisiúint ach amháin má tugadh fógra don duine is cúis leis an mbaol maidir leis an mbeart cosanta i gcomhréir le dlí an Bhallstáit tionscnaimh.
2. I gcás ina n-ordaítear beart cosanta toisc nár thángthas i láthair (...), ní féidir an deimhniúchán a eisiúint ach amháin má sheirbheáiltear (...) doiciméad tionscanta an nós imeachta nó doiciméad comhionann a sheirbheáil ar an duine is cúis leis an mbaol, nó, i gcás inarb ábhartha, nár tugadh fógra dó ar bhealach eile, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, in am trátha agus sa dóigh go bhféadfadh an duine sin socrú a dhéanamh dá chosaint féin (...); (...)
3. I gcás inar ordáíodh an beart cosanta faoi nós imeachta nach bhforáiltear do réamhfhógra an duine is cúis leis an mbaol ("imeacht ex-parte"), ní fhéadfar an deimhniúchán a eisiúint ach amháin má tá sé de cheart ag an duine is cúis leis an mbaol agóid a dhéanamh i gcoinne an bhirt chosanta faoi dhlí an Bhallstáit tionscnaimh<sup>16</sup>.

---

<sup>14</sup> De bhrí gurb ar éigean a bheidh réimsí téacs ar bith saor san fhoirm chaighdeánach ilteangach den deimhniúchán, d'fhéadfaí an traslitriú nó an t-aistriúchán a chur ar fáil formhór an ama gan an costas a fhorchur ar an duine faoi chosaint ach tríd an bhfoirm chaighdeánach a úsáid sa teanga ábhartha. Míneofar in aithris go ndéanfar aon chostas ar aistriúchán a bheidh riachtanach agus a sháraíonn an téacs den fhoirm chaighdeánach ilteangach a leithdháileadh mar a fhoráiltear dó faoi dhlí an Bhallstáit tionscnaimh.

<sup>15</sup> Míneofar in aithris nár cheart go mbeadh feidhm ag na modhanna a úsáidtear faoin Rialachán seo chun na páirtithe a chur ar an eolas maidir le gníomhartha nós imeachta nó maidir le doiciméid eile, trí mheán fógra shainiúil nó trí aon mhodh eile, ach maidir le críocha an Rialacháin seo mar thoradh ar chineál speisialta ábhar an Rialacháin seo agus níor cheart go mbeadh siad ina bhfasach le haghaidh ionstraimí eile in ábhair shibhialta agus tráchtála.

<sup>16</sup> Léireofar le haithris nach bhfuil sé de cheanglas faoin bhforáil seo go rachadh an tréimhse achomhairc in éag roimh deimhniúchán a eisiúint, agus gur féidir an deimhniúchán a eisiúint a luaithe a mbeidh an beart cosanta in-fhorghníomhaithe sa Bhallstát tionscnaimh.

### *Airteagal 5b*

#### *Fógra faoin deimhniúchán a thabhairt don duine is cúis leis an mbaol*

1. Déanfaidh údarás eisiúna an Bhallstáit tionscnaimh (...) a fhógairt don duine is cúis leis an mbaol (...) **an deimhniúchán agus an t-eolas gur mar thoradh ar an deimhniúchán a eisiúint go n-eascróidh aitheantas agus, mas infheidhme, infhorghníomhaitheacht an bhirt chosanta sna Ballstáit go léir de bhun mhír 1b d'Airteagal 4.**
- 2 <sup>17</sup>. Nuair a chónaíonn an duine is cúis leis an mbaol sa Bhallstát tionscnaimh, tabharfar an fógra i gcomhréir le dlí an Bhallstáit sin. Nuair a chónaíonn an duine is cúis leis an mbaol i mBallstát seachas an Ballstát tionscnaimh nó i tríú Stát, tabharfar an fógra sin trí litir chláraithe agus tabharfar admháil go bhfuarthas é nó a chomhionann.  
  
Déanfar cásanna nach bhfuil eolas ann faoi sheoladh an duine is cúis leis an mbaol nó ina ndiúltaíonn an duine sin glacadh leis an bhfógra a rialú le dlí an Bhallstáit tionscnaimh.
3. Agus fógra faoin deimhniúchán á thabhairt don duine is cúis leis an mbaol, tabharfar aird iomchuí ar leas an duine faoi chosaint a mhéid nach dtabharfar eolas faoin áit ina bhfuil an duine sin ná nach ndéanfar a shonraí teagmhála a chur in iúl don té is cúis leis an mbaol. Ní dhéanfar na sonraí sin a chur in iúl don té is cúis leis an mbaol mura mbeidh sonraí mar sin riachtanach chun an beart a chomhlíonadh nó a fhorghníomhú.

---

<sup>17</sup> Féach fonóta 12.

*Airteagal Y*  
*Ábhair an deimhniúcháin*

**Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa deimhniúchán:**

- (a) ainm agus seoladh/sonraí teagmhála an údaráis eisiúna;**
- (b) uimhir thagartha an chomhaid;**
- (c) dáta eisiúna an deimhniúcháin;**
- (d) sonraí an duine faoi chosaint: ainm, dáta agus áit bhreithe, má tá siad ar fáil, agus seoladh le húsáid chun críche fógra a thabhairt, agus fógra feiceálach ina dhiaidh sin go bhféadfar an seoladh sin a chur in iúl don té is cúis leis an mbaol;**
- (e) sonraí an duine is cúis leis an mbaol: ainm, dáta agus áit bhreithe, má tá siad ar fáil, seoladh le húsáid chun críche fógra a thabhairt;**
- (f) gach faisnéis is gá leis an mbeart cosanta a fhorghníomhú, lena n-áirítear, más infheidhme, an cineál birt agus an oibleagáid a fhorchuirtear leis ar an té is cúis leis an mbaol lena sainítear feidhm agus/nó imlíne na háite a bhfuil toirmeasc ar an duine dul ina foisceacht nó dul isteach inti;**
- (g) fad an bhirt chosanta;**
- (h) fad éifeachtaí an aitheantais i gcomhréir le mír 1b d'Airteagal 4.**
- (i) dearbhú gur comhlíonadh na ceanglais a fhorordaítear le hAirteagal 5a;**
- (j) faisnéis maidir leis na cearta a dheonaítear le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 12 ar an duine is cúis leis an mbaol;**
- (k) chun tagairt dó a éascú, tuairim de theideal iomlán an Rialacháin seo.**

*Airteagal 6*  
*(aistrithe chuig Airteagal 4(1a))*

## *Airteagal 7*

### *An deimhniúchán a cheartú nó a aistarraingt*

0. Gan dochar d'Airteagal 5(3c), déanfar an méid seo a leanas leis an deimhniúchán, arna iarraidh sin do cheachtar páirtí ar údarás eisiúna an Bhallstáit tionscnaimh nó ar thionscnaimh an údaráis féin:
- (a) déanfar é a cheartú, i gcás ina mbeidh neamhréireacht idir an beart cosanta agus an deimhniúchán, mar gheall ar earráid chléireachais<sup>18</sup>. (...) nó
  - (b) déanfar é a aistarraingt i gcás inar léir gur deonaíodh é go mícheart, ag féachaint do na riachtanais dá dtagraítear in Airteagal 5a agus do raon feidhme an Rialacháin seo<sup>19</sup>.
1. Déanfar an nós imeachta i ndáil le deimhniúchán a cheartú nó a aistarraingt, lena n-áirítear aon achomharc in aghaidh an cheartaithe nó na haistarraingte, a rialú le dlí an Bhallstáit tionscnaimh.
2. (téacs arna aistriú chuig Airteagal 5(3c))

## *Airteagal X*

### *Cúnamh don duine faoi chosaint*

Ar iarraidh ón duine faoi chosaint, tabharfaidh údarás eisiúna an Bhallstáit tionscnaimh cúnamh don duine faoi chosaint chun faisnéis a fháil, mar a chuirtear ar fáil de bhun Airteagal 21 agus Airteagal 22, i ndáil leis an gcineál údarás a ndéanfar an beart cosanta a agairt os a gcomhair nó a dhéanfar a fhorghníomhú a lorg sa Bhallstát a ndíreofar air.

---

<sup>18</sup> Cuirfear in iúl in aithris nach mbeidh feidhm ag ceartú ach maidir le cásanna nach dtugtar léargas ceart iontu leis an deimhniúchán ar na bearta cosanta de bharr earráide nó míchruinnis atá soiléir (amhail earráidí cló, earráidí tras-scríbhinn nó cóipeála).

<sup>19</sup> Tabharfar samplaí in aithris de dheimhniúcháin ar léir gur "deonaíodh iad go mícheart", amhail má úsáidtear iad le haghaidh birt nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo ach a thagann faoi raon feidhme ionstraimí eile an AE).

*Airteagal 8*  
*An beart cosanta a choigeartú*

0. **Más gá, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit a ndíreofar air na gnéithe fíorasacha den bheart cosanta a choigeartú chun éifeacht a thabhairt don bheart cosanta sa Bhallstát a ndíreofar air.**
1. (...)
2. **Déanfar an nós imeachta i ndáil le forghníomhú an bhirt chosanta a rialú le dlí an Bhallstáit a ndíreofar air.**
- 2a. **Fógrófar an cinneadh lena ndéantar coigeartú ar an mbeart cosanta don duine is cúis leis an mbaol.**
- 3 <sup>20</sup>. **Nuair a chónaíonn an duine is cúis leis an mbaol sa Bhallstát a ndíreofar air, tabharfar an fógra i gcomhréir le dlí an Bhallstáit sin. Nuair a chónaíonn an duine is cúis leis an mbaol i mBallstát seachas an Ballstát a ndíreofar air nó i tríú Stát, tabharfar an fógra sin trí litir chláraithe agus tabharfar admháil go bhfuarthas é nó a chomhionann.**

**Déanfar cásanna nach bhfuil eolas ann faoi sheoladh an duine is cúis leis an mbaol nó ina ndíúltaíonn an duine sin glacadh leis an bhfógra a rialú le dlí an Bhallstáit a ndíreofar air.**
4. **Féadfaidh ceachtar páirtí an coigeartú a achomharc. Is de réir dhlí an Bhallstáit a ndíreofar air a rialófar an nós imeachta maidir leis an achomharc. Mar sin féin ní bheidh, éifeacht fionraíochta ag aon achomharc den chineál sin.**

*Airteagal 9*  
*Bearta cosanta áirithe a fhorghníomhú*

1. *(téacs arna aistriú chuig Airteagal 4(2))*
2. *(téacs arna aistriú chuig Airteagal 4(2))*

---

<sup>20</sup> **Féach fonóta 12.**

*Airteagal 10*  
*Cosaintí maidir le cearta bunúsacha*

1. (téacs arna aistriú chuig Airteagal 5a(1)).
2. (téacs arna aistriú chuig Airteagal 5a(2)).
3. (téacs arna aistriú chuig Airteagal 5a(3)).

*Airteagal 11*  
*Gan athbhreithniú ó thaobh substainte de*

Ní fhéadfar i gcás ar bith beart cosanta a **ordaíodh** i mBallstát a athbhreithniú ó thaobh a substainte sa Bhallstát chun a **ndíreofar air**.

*Airteagal 12*  
*Diúltú an aitheantais nó an fhorghníomhaithe*

1. **Diúltófar** an t-aitheantas **agus, mas infheidhme, forghníomhú birt chosanta, ar** iarratas ón duine is cúis leis an mbaoi, **a mhéid a bheidh an méid seo a leanas fíor i gcás an aitheantais :**
  - (a) **más léir go mbeadh sé ag teacht salach ar an mbeartas poiblí sa Bhallstát a ndíreofar air; nó**
  - (b) **dá mbeadh sé bunoscionn le breithiúnas a tugadh nó a aithnítear sa Bhallstát a ndíreofar air.**
- 1a. **Cuirfear an t-iarratas ar aitheantas nó ar fhorghníomhú a dhiúltú faoi bhráid chúirt an Bhallstáit a ndíreofar air sa chaoi a gcuirfidh an Ballstát sin fógra faoi chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 22 (1) (a) (iv).**
- 2.(téacs arna aistriú chuig Airteagal 12a)
3. Ní fhéadfar diúltú aitheantais a thabhairt do bheart cosanta toisc nach ndéantar foráil i ndlí an Bhallstáit a **ndíreofar air** maidir le beart den sórt sin bunaithe ar na fórais chéanna.

### *Airteagal 12a*

#### *Fionraí nó aistarraingt an aitheantais nó an fhorghníomhaithe*

1. Má chuirtear beart cosanta ar fionraí nó má aistarraingítear é sa Bhallstát tionscnaimh nó **má chuirtear a fhorghníomhú ar fionraí nó má tá sé teoranta nó má aistarraingítear an deimhniúchán i gcomhréir le hAirteagal 7(1) (b), déanfaidh údarás eisiúna an Bhallstáit tionscnaimh, arna iarraidh sin do cheachtar páirtí, (...) deimhniúchán a eisiúint lena léirítear an leasú nó an aistarraingt sin trí leas a bhaint as an bhfoirm chaighdeánach ilteangach a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 18.**
2. Nuair a chuirfidh páirtí ar bith deimhniúchán isteach de bhun mhír 1, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit a ndíreofar air na héifeachtaí a bheidh ag an aitheantas a chur ar fionraí nó a aistarraingt agus, i gcás inarb infheidhme, forghníomhú an bhirt chosanta.

*Airteagal 13(téacs arna aistriú chuig Airteagal 5b)*

## **CAIBIDIL III**

### **Forálacha eile**

#### *Airteagal 14*

##### *Dlisteanú agus foirmiúlachtaí comhchosúla eile*

Ní bheidh gá le reachtaíocht nó le foirmiúlacht chomhchosúil eile **le haghaidh doiciméad a eisítear i mBallstát** i gcomhthéacs an Rialacháin seo.

### *Airteagal 15*

#### *Traslitriú nó aistriúchán*

1. I gcás ina n-éilítear **aon** traslitriú nó aistriúchán faoin Rialachán seo, déanfar é (...) go teanga oifigiúil nó go ceann amháin de theangacha oifigiúla an Bhallstáit **a ndíreofar air** nó **go** haon teanga eile ar chuir an Ballstát sin in iúl gur féidir leis glacadh léi.
2. **Gan dochar d’Airteagal 5(4)**, is duine atá cáilithe chun aistriúcháin a dhéanamh i gceann de na Ballstáit a **dhéanfaidh** aon aistriúchán (...) faoin Rialachán sin.

### *Airteagal 16*

(...)

## **CAIBIDIL IV**

### **Forálacha ginearálta agus críochnaitheacha**

### *Airteagal 17*

#### *Forálacha idirthréimhseacha*

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le bearta cosanta **a ordáítear** i ndiaidh an lae a **chuirfear** i bhfeidhm é beag beann ar an am a **thionscnófar imeachtaí**.

### *Airteagal 18*

#### *An fhoirm a bhunú agus leasuithe a dhéanamh uirthi ina dhiaidh sin*

Glacfaidh an Coimisiún **gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar** na foirmeacha dá dtagraítear in Airteagal 5 agus in Airteagal 12 a agus chun iad a leasú ina dhiaidh sin. **Glacfar na bearta cur chun feidhme sin** i gcomhréir leis an nós imeachta **scrúdúcháin** dá dtagraítear in Airteagal 19.

*Airteagal 19*  
*Nós imeachta coiste*

1. **Beidh coiste de chúnamh ag an gCoimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.**
2. **I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.**

(...)

*Airteagal 20*  
*(...) Athbhreithniú*

Faoi [cúig bliana ó dháta a theacht i bhfeidhm in Airteagal 23](...), cuirfidh an Coimisiún **tuarascáil** (...) faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Beidh tograí le haghaidh **leasuithe** ag gabháil leis an tuarascáil sin, **más gá**.

*Airteagal 21*  
*Faisnéis a chuirtear ar fáil don phobal*

Faoi chuimsiú an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh in ábhair shibhialta agus tráchtála a bunaíodh le Cinneadh 2001/470/CE ón gComhairle<sup>21</sup> (...) **tabharfaidh na Ballstáit** tuairisc ar na rialacha agus nósanna imeachta náisiúnta maidir le bearta cosanta **in ábhair shibhialta**, lena n-áirítear **faisnéis maidir le cineál na n-údarás** atá inniúil maidir le haitheantas agus/nó le forghníomhú, **d'fhonn í a chur ar fáil don phobal** (...) <sup>22</sup>.

Coimeádfaidh na Ballstáit an fhaisnéis **sin cothrom le dáta**.

---

<sup>21</sup> IO L 174, 27.6.2001, lch. 25.

<sup>22</sup> Ba cheart go léireofaí le haithris go mbeidh rochtain ar an bhfaisnéis a chuirfear ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 21 agus le hAirteagal 22 freisin tríd an Tairseach Eorpach don ríomh-Cheartas.

*Airteagal 22*

*Teachtaireachtaí ó na Ballstáit*

1. Faoi [sé **mhí** sula **gcuirfear** an Rialachán seo **i bhfeidhm**], (...) cuirfidh na Ballstáit an méid seo a leanas in iúl don Choimisiún:
  - (a) **cineál na n-údarás a bhfuil** inniúlacht acu sna hábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, lena sonraítear an méid a leanas, más infheidhme,
    - (i) na húdaráis **atá** inniúil maidir le **bearta cosanta a ordú agus leis an deimhniúchán a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 5;**
    - (ii) na húdaráis a ndéanfar beart cosanta a ordófar i mBallstát eile a agairt os a gcomhair i mBallstát eile agus/nó **atá** inniúil maidir leis an mbeart sin a fhorghníomhú;
    - (iii) na húdaráis **atá** inniúil chun an beart cosanta a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 8(0);
    - (iv) na cúirteanna a mbeidh an t-iaratas ar aitheantas a dhiúltú, agus más infheidhme, a fhorghníomhú, le cur faoina mbráid i gcomhréir le hAirteagal 12;
  - (b) an **teanga nó** na teangacha a nglactar le haistriúcháin iontu (...) dá dtagraítear in Airteagal 4(1a)(c) agus in Airteagal 15(1).
2. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis thuasluaite ar fáil don phobal trí aon mhodh iomchuí, go háirithe tríd **an suíomh gréasáin** den Ghréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus tráchtála (...).

*Airteagal 23*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón **[11 Eanáir 2015]**<sup>23</sup>.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit **go léir** i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh i/in/sa [...]

---

---

<sup>23</sup> **Moltar go gcomhghaolófaí dáta chur i bhfeidhm an togra seo le tréimhse cur chun feidhme Threoir 2011/99/AE i dtaca leis an Ordú Cosanta Eorpach (Airteagal 21(1)).**